Háití agus Corcaigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhear i gCorcaigh atá ag cuidiú le muintir Háití. Bhuail tubaiste Háití ocht mbliana ó shin. An bhfuil cur amach agat ar an scéal? Déan plé leis an duine in aice leat faoina bhfuil ar eolas agat faoin eachtra.



Ceist 2 Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. eagraíocht charthanachta	a. *educational equipment*
2. curach	b. *temporary accommodation*
3. pobal cois cósta	c. *container*
4. crith talún	d. *charity organisation*
5. cóiríocht shealadach	e. *support*
6. ceardlanna tógála	f. *earthquake*
7. coimeádán	g. *goods*
8. troscán	h. *furniture*
9. trealamh oideachais	i. *coastal community*
10. tacú le	j. *construction workshops*
11. earraí	k. *currach, coracle*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad a tharla i Háití ocht mbliana ó shin?
2. Cé as Séamus O'Brien agus cé leis a bhfuil sé ag obair?
3. Cad a bhí idir lámha ag Séamus i Háití?

4. Cad a chuir iontas air faoin dá churach a thóg siad i Háití?

5. Cén cineál eagraíochta é *Haiti Orphanage Project* agus conas a chuidigh siad le muintir Háití le bliain go leith anuas?

6. Cad atá le déanamh más mian leat tacú le *Haiti Orphanage Project*?

Ceist 4 '…de dhéanamh na hÉireann…'

Cuir Gaeilge ar na habairtí thíos.

- *I'm from Ireland.*
- *Ireland is playing France tomorrow.*
- *People say that Irish people are very friendly.* [Úsáid 'muintir'.]
- *My brother is coming to Ireland tomorrow for Christmas.*
- *The Irish football team is terrible.*
- *Irish Rail provides a very good service.*

Ceist 5 '…maraíodh…'

Cuir an briathar saor, aimsir chaite de na briathra seo a leanas ar fáil:

- pléasc
- gortaigh
- maraigh
- faigh
- cuir

Anois, déan féin agus an duine in aice leat scéal nuachta a chumadh a bhfuil na saorbhriathra sin ar fad san aimsir chaite in úsáid ann.

Ceist 6 Féach ar an stór focal thíos a bhaineann le Féile na Nollag. An dtuigeann tú iad?

- cuileann
- coinneal
- carúl
- réinfhia
- drualus
- maisiúchán
- bronntanas
- an Pol Thuaidh
- maróg

Cad faoi na cinn thíos anois? Cén fáth nach bhfuil an 'i' san fhocal 'Nollaig' sna samplaí seo?

Lá Nollag, Oíche Nollag, crann Nollag, cáca Nollag, Daidí na Nollag

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Cleachtadh cainte atá sa cheist seo.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
d	k	i	f	b	j	c	h	a	e	g

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Is as Éirinn mé/dom.
Beidh Éire ag imirt in éadan na Fraince amárach.
Deirtear go bhfuil muintir na hÉireann an-chairdiúil ar fad.
Beidh mo dhearthair ag teacht go hÉirinn amárach don Nollaig.
Tá foireann peile na hÉireann millteanach olc.
Cuireann Iarnród Éireann seirbhís an-mhaith ar fáil.

Ceist 5
pléasc – pléascadh
gortaigh – gortaíodh
maraigh – maraíodh
faigh – fuarthas
cuir – cuireadh

Ceist 6
cuileann (*holly*)
coinneal (*candle*)
carúl (*carol*)
réinfhia (*reindeer*)
drualus (*mistletoe*)
maisiúchán (*decoration*)
bronntanas (*present*)
an Pol Thuaidh (*the North Pole*)
maróg (*pudding*)

Tá an t-ainmfhocal *Nollaig* sa tuiseal ginideach sna samplaí: *Lá Nollag, Oíche Nollag, crann Nollag, cáca Nollag, Daidí na Nollag*

Eimear Ní Chonaola
Anois i gCorcaigh, tá eagraíocht charthanachta tar éis dhá churach de dhéanamh na hÉireann a thógáil in éindí le pobal cois cósta i Háití. Ach chomh maith leis na curacha[1], tá scileanna nua sealbhaithe freisin acu.

Grett O'Connor
Tá beagnach ocht mbliana anois ann ó bhuail crith talún, a tomhaiseadh ag leibhéal a seacht ar scála Richter, Háití. Maraíodh timpeall 300,000 duine agus b'éigean do mhilliún go leith duine bogadh go dtí cóiríocht shealadach.

Anseo i gCorcaigh, tá fear amháin díreach tagtha abhaile ó Háití. Chuaigh Séamus O'Brien ó bhádchlós Mheitheal Mara chun dhá churach a thógáil le pobal beag cois cósta i ndeisceart na tíre. Obair den sórt céanna a bhíonn ar siúl ag Séamus anseo i lár Chathair Chorcaí, ag reáchtáil ceardlanna tógála curach[2] agus bád eile le grúpaí éagsúla. Dúirt sé go raibh nóiméad speisialta faoi leith a sheas amach dó i Háití – nuair a chonaic sé go raibh na curacha péinteáilte ag na hiascairí sna dathanna náisiúnta, gorm agus dearg.

Is mar gheall ar cheangal leis an gcarthanacht *Haiti Orphanage Project* a chuaigh Séamus go Háití. Le bliain go leith anuas, tá ocht gcoimeádán lán d'ábhar leighis, troscán agus trealamh oideachais seolta go Háití ag an eagraíocht seo.

Beidh an coimeádán seo i Háití in am don Nollaig, ach más mian leat tacú le hiarrachtaí na carthanachta seo in 2018, is féidir airgead nó earraí a thabhairt tríd an suíomh idirlín www.4haiti.ie – sin uimhir a ceathair, Haiti, ponc ie – nó ar an leathanach *Facebook* – sin *Haiti Orphanage Project*.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *curachaí* a dúradh
[2] *curachaí* a dúradh